## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Laidin

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**An Ardteistiméireacht 2015 Laidin – Ardleibhéal ---Scéim Mharcála**

**1.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B sa cheist seo:- **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear idir leathmharc (1/2) agus dhá mharc (2).*

**A.** Cuir Laidin air seo :-

½ 1 1 2 2 1 ½ ½<br>
B'éigean don ghinearál cáiliúil Mairias teitheadh ón Róimh ionas nach gcuirfeadh Sulla chun<br>
2 ½ 1 ½ 2 2 ½ 1 2 1 ½ 2 ½<br>
báis é. Fad a bhí sé ag iarraidh éalú ón Iodáil chuaigh sé ar bord loinge chun seoladh go dtí<br>
1 1 2 1 2 ½ 1 ½ 2 ½ ½ 2<br>
an Afraic. Thug an ghaoth air cur i dtír in áit ina raibh sé ag fánaíocht thart go dtí go ndearna<br>
1 1 1 ½ 1 ½ 2 1 1<br>
sé a shlí ar deireadh thiar go Minturnae, baile in aice le cósta na farraige. Nuair a fuair sé<br>
2 2 ½ 1 2 ½ 1 ½ 1<br>
amach go raibh marcshlua Shulla ag teacht ina threo, bhí sé in ann long eile a bhaint amach,<br>
2 ½ ½ 2 1 2 1 2 1 ½ 2 1<br>
le mórdheacracht. Ach b'eagal leis na mairnéalaigh go gcuirfeadh a naimhde pionós orthu dá<br>
½ 1 ½<br>
gcabhróidís leis éalú, agus chuir siad i dtír arís é.

**NÓ**

**B.**

- **(i)** Cé acu ar iompair sé é féin i gceart nó nár iompair/cé acu a rinne sé an rud ceart nó nach ndearna **(6)**
- **(ii)** Bheadh bréaga á n-insint aige=**(4)**
- **(iii)** Ceapann Laelius nach mbeidh duine ar bith ina chara níos fearr choíche/ is cara an-mhaith é **(8)**
- **(iv)** Cógas (leigheas)= **(4)**
- **(v)** Nár tharla drochrud ar bith do Scipio **(7)**
- **(vi)** Má chuireann nithe a tharlaíonn dó féin isteach go mór air **(7)**
- **(vii)** Níor theastaigh uaidh an cumas a bheith aige gan bás a fháil (3); bhí na honóracha go léir ar cheart a bheith de dhíth ar aon duine bainte amach aige (5) = **(8)**
- **(viii)** Sháraigh sé na hábhair dhóchais ba mhó a bhí ag an bpobal (6); Léirigh sé crógacht iontach (2)= **(8)**
- **(ix)** Níor iarr sé riamh a bheith ina chonsal = **(4)**
- **(x)** Threascair sé dhá chathair an-naimhdeach/ choisc sé cogadh san aimsir sin lena cheannaireacht/ choisc sé cogaí ina dhiaidh sin/ toghadh é ina chonsal faoi dhó (4+4) = **(8)**
- **(xi)** A nósanna lácha/an bealach cineálta a chaitheann sé lena mháthair/an mhaitheas a thaispeánann sé dá dheirfiúracha/a fhlaithiúla atá sé lena mhuintir/ ceart do chách (4+4) = **(8)**
- **(xii)** Is eol do gach duine iad = **(3)**

**C2. A (130) Cuir Gaeilge ar dhá shliocht ar bith:**

(i) At…..Turni 6/ deserit…..arces 6/ praecipitaque…..rumpit 6/ laetitia…..armis 6/ quantus…..quantus 10/ gaudetque….auras 8/ iam…..Itali 9/ quique…..muros 9/armaque…..humeris 5.

(ii) O…..opem 13/ me…..egi 7/eripite…..mihi 6/quae…..laetitias 13/ non…..illa 7/ aut…..velit 6/ ipse…..morbum 7/ o…..mea 6.

**B.**

(i) Atque…..cognovimus 5/ poetam…..inflari 8/ Quare…..poetas 4/ quasi…..videantur 8/ sit….violavit 12/ saxa…….consistuunt 8/ nos…..moveamur 5/ Homerum…..suum 5/ Smyrnaei….confirmant 5/ itaque….dedicaverunt 5.

(ii) dum…..oppugnabantur 7/ civitas…..mari 7/ Saguntum…..incremento 9/ Hannibal….. adgreditur 9/ Angulus…..erant 9/ Hannibal…..posset 8/ Sed….erat 8/ et…..resistebant 8.

**C3 A. (i) (60) Cuir Gaeilge air seo**

Reliquum…..videatur 5/ Qui…..esset 6/in…..dixistis 10/ Etenim…..possit 10/ Sed…..vita 7/ hoc…..virtute 7/At…..maiorum 5/ Non…..accommodasse 10.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5+5 - dhá phointe
(b) Nóta 4+3; tábhacht 3
(c) 4+3+3 (trí roinn ar bith)
(d) (3+2)+(3+2)
(e) 5+5

**<u>Nótaí Táscacha</u>**<u>—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*</u>

(a) Deir Ciceraó gur as dáta atá an agóid in aghaidh an oiread sin cumhachta a chur i lámha duine amháin; gur bhréagnaigh imeachtaí in ionad focal í; cuireadh an tuairim sin in iúl freisin nuair a moladh go dtabharfaí ceannas iomlán do Phoimpéas in aghaidh na bhfoghlaithe mara (Hortensius a chuir an tuairim sin in iúl); shaor Poimpéas ina aonar an Róimh ón míshuaimhneas ar fad arbh iad na foghlaithe mara ba chúis leis.

(b) Oileán arbh ea Déileas i measc oileáin Cyclades, atá lonnaithe sa Mhuir Aeigéach iartharach; áit bhreithe Apalló a bhí ann; ionad beoga trádála a bhí ann; bhí sé ar an bpríomh-mhargadh sclábhaithe don domhan Rómhánach.

(c) Exordium — an téama a leagan amach — Poimpéas a cheapadh mar cheannasaí san Áise; Narratio — breac-chuntas a thabhairt ar an gcás — tá cogadh contúirteach ar siúl san Áise; Tractatio — príomhthéama na hóráide — an fáth ar cheart Poimpéas a cheapadh; Refutatio — na hargóintí is féidir a dhéanamh in aghaidh an mholta — pléifidh Hortensius roinnt pointí; Peroratio — cuspóir na hóráide a chur ina luí ar dhaoine — rúin Chiceraó.

(d) **Aulus Gabinus**: treabhann na bpleibeach sa bhliain 67 R.Ch.: mhol sé an dlí lena dtabharfaí ceannas do Phoimpéas in aghaidh na bhfoghlaithe mara. **Lucullus**: d'oibrigh sé mar chaestóir le Sulla; d'éirigh sé ina chonsal sa bhliain 74 R.Ch.; throid sé in aghaidh Mithridates; baineadh a cheannas de; d'fhill sé chun saol na bhfuíoll a bheith aige sa Róimh. **Mithridates**: rinneadh rí Phontas de tar éis a athair a fheallmharú; d'éirigh sé mar chomhghuaillí de chuid Rí Tigranes sa tír in aice láimhe; chloígh sé roinnt tíortha in aice láimhe; rinne sé ionradh ar an nGréig ach chuir Sulla ar gcúl é; chloígh sé roinnt ceannasaithe Rómhánacha, Lucullus ina measc; chloígh Poimpéas é sa deireadh; mharaigh mac leis é. **Tigranes**: Rí na hAirméine; phós sé iníon Mithridates; chreach sé an Chapadóic; chloígh Lucullus é; rinne sé feall ar Mithridates, comhghuaillí dá chuid, agus d'imigh sé sall go dtí na Rómhánaigh.

(e) Dhá ghné ar bith de shaol polaitiúil na Róimhe, amhail: an ról a d'imir na equites i gcánacha a bhailiú don Róimh; conas a d'fhéadfadh Cicearó bunreacht na Róimhe a chúbláil chun ceapadh Phoimpéas a chumasú.

**3B. (i) (60) Cuir Gaeilge air seo**

et….. iacentes 9/ litoraque…..regnis 9/ atque…..Venus 10/ o…..terres 6/ quid…..tantum 4/quid…..orbis 9/ certe…..Teucri 9/ qui…..pollicitus 4.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5+5 ar dhá phointe
(b) 5 mharc ar an gciall + 5 mharc ar an tionchar
(c) 5+5 ar dhá phointe
(d) 5+5 ar dhá fháth
(e) (3+2)+(3+2)

<u>**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*</u>

(a) Agus í i mbréagriocht sealgaire mná, buaileann Véineas le hAeinéas agus lena lucht leanúna de réir mar a thaiscéalann siad an Libia; fiafraíonn sí díobh ar bhuail siad le duine ar bith dá deirfiúracha; creideann Aeinéas gur cineál éigin bandia í agus iarrann sé uirthi cabhrú leo; deir Véineas nach bhfuil inti ach sealgaire mná agus insíonn sí dóibh gur sa Libia atá siad, áit atá á rialú ag Díodó; insíonn sí scéal Dhíodó dóibh; fiafraíonn sí d'Aeinéas cé hé féin agus tugann sí dea-scéala dó faoi na fir dá chuid atá ar iarraidh; ligeann sí a haithne leis agus imíonn sí as radharc.

(b) Fágann sé go dtosaítear an dán le linn na n-eachtraí a bhí ag tarlú do na príomhpháirtithe; tarraingíonn an beart sin aird an léitheora ar an dán láithreach mar go dtéimid isteach sa ghníomhaíocht ar an bpointe; cuireann sé leis an méid atáimid ar bís faoin rud a thitfidh amach freisin; músclaíonn sé fiosracht an léitheora faoin rud a tharla.

(c) Is ornáideach atá samhlacha Veirgil agus seasann siad mar phictiúir atá neamhspleách ón téacs é féin; ní chuireann siad le tuiscint an léitheora ar an gcomparáid atá á déanamh; bhunaigh Veirgil a chuid samhlacha ar shamhlacha Hóiméir ach íomhánna cosúla agus friotal cosúil fiú a úsáid; sampla ar bith amhail comparáid a dhéanamh idir na Tuírigh agus a gcathair á tógáil acu agus beacha sa choirceog.

(d) Bhí fuath ag Iúnó do na Traígh mar thoradh ar Bhreithiúnas Pháras inar chinn Páras go raibh Véineas ar an mbean ab áille ar domhan—Traíoch a bhí i bPáras agus bhraith Iúnó maslaithe; ógánach Traígh ba ea Ganaiméide a roghnaíodh a bheith mar dháileamh d'Iúpatar in ionad Héibé, iníon le hIúno.

(e) **Aeólas**: rí na ngaoth; choimeád sé na gaotha faoi smacht in uaimheanna ar oileán ar snámh; thug Uiliséas cuairt air, duine a scaoil na gaotha chun stoirm a chruthú; d'iarr Iúnó air na gaotha a scaoileadh in aghaidh na dTraíoch; gealladh dó go mbeadh Deiopea, an spéirbhean, aige mar luach saothair. **Neiptiún**: dia an uisce; pátrún na n-aistear thar sáile; socraíonn sé an stoirm a scaoil Aeólas i Leabhar 1. **Penthesilea**: throid sí leis na Traígh i gCogadh na Traí; ba bhanríon na nAmasónach í; ba é Aichill a mharaigh í. **Sychaeus**: fear céile Dhíodó; ba é Pygmalion, deartháir le Díodó, a mharaigh é; thaibhsigh sé do Dhíodó i mbrionglóid, agus é ag cur fainice uirthi teitheadh; tháinig sé le chéile le Díodó arís ar an domhan thíos.

**Q4**. (i) 4+3+3. (10)
(ii) (2+1+1) suas go 10 ar a mhéad. (2+2 do audeo/orior) (10)
(iii) Meadaracht 2 mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart (10)

**C5. (75) Freagair trí cheist – ceist amháin ar a laghad as gach roinn**

**A**.
(i) Polasaí Eachtrach (7+6+6); Germania (6)
(ii) Cuntas (7+6+6+6). Ní mór tagairt a dhéanamh don dá thaobh de charachtar Néaró
(iii) (7+6) +(6+6)

**B**.
(i) Saol 4+3+3. Saothar 4+3+3. Stíl scríbhneoireachta 5
(ii) 9+8+8 ar thábhacht ailtireachta/innealtóireachta/sóisialta na n-uiscerianta
(iii) (a) Droichid: 5+4+4 – ní mór tagairt a dhéanamh don áirse
(b) Trácht agus páirt i saol an phobail: 4+4+4
(c) Ainm: 2; Trí ghné: 3x1; Feidhm 4+3

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

A.

**(i)** **Polasaí Eachtrach Ágastas:** cúigí nua a ghnóthú; an Áise Bheag – deacrachtaí i dtaobh í a chosaint; fadhb leis na Pairtiaigh; an Airméin; teorainn na Réine – na Danóibe; feachtais Thibir agus Drúsas; **Teip greim a choinneáil ar Germania:** cineál primitíbheach na dtreibheanna Gearmánacha; an easpa scileanna a bhí ag Varus mar cheannasaí; iompar calaoiseach Arminius, taoiseach Gearmánach.

**(ii)** **Néaró:** an caidreamh a bhí aige le Agrippina, a mháthair; an tionchar a bhí ag Burras agus ag Seinice air; dhúnmharaigh sé Agrippina; an claonadh a bhí aige dul i mbun aisteoireachta agus taibhithe; an tionchar a bhí ag Tigellinus; an tine mhór sa Róimh; an dóigh ar chaith sé le Críostaithe; aon drochghníomh eile; réimeas an uafáis; cúis a bháis.

**(iii)** **Tibir---**an saol a bhí aige sular éirigh sé ina impire; feachtais ar an Réin; diúltú ag Ágastas; scoir sé go Ródas; a theacht i gcumhacht; aon ghné dá réimeas; an tionchar a bhí ag Séánas; imeacht ó shaol an phobail. **Cláidias sa Bhreatain---**rinne sé ionradh ar chúiseanna tráchtála; bhí sé ag iarraidh an Ghaill a dhéanamh níos sláine; bhí an-easaontas ann i measc na mBriotanach; thug sé cuairt phearsanta; bhí 50,000 fear fostaithe aige; tháinig sé i dtír in

Kent; ghabh sé seilbh ar Camulodunum; chuaigh sé chomh fada le teorainn an Trent/Severn. **Domitianus---**mac le Veaspáisian; tháinig sé i gcomharbacht ar Thíteas, a dheartháir; gránna mar dhuine; an-éifeachtúil; chaith sé a lán ama leis na hairm; ní raibh sé in ann glacadh le cáineadh; bhí sé ina chinsire ar feadh a shaoil; feachtais eachtracha; comhchealga ina aghaidh; dhúnmharaigh Stephanus é. **An Garda Praetóireach--**cuireadh ar bun é chun an t-impire a chosaint; lonnaithe i gcathair na Róimhe; d'imir sé ról an-ghníomhach in impirí a thoghadh agus a dhíbirt; cheap sé Cláidias nuair a bhí sé faoi bhagairt; d'fheallmharaigh sé Caligula; d'fhéadfadh Cinnirí an Gharda éirí ina ndaoine an-chumhachtach; Macro; Séánas

**B.**

(i) **Saol Horáit--**rugadh sa bhliain 65 R.Ch. é; fuair sé a chuid oideachais sa Róimh; throid sé leis na poblachtaigh ag cath Fhilipe; fuair sé amach ar a fhilleadh abhaile go raibh a chuid tailte coigistithe; ceapadh mar chléireach sa státchiste é; bhuail sé le Maecéanas agus tugadh feirm Sabine mar bhronntanas dó; d'éirigh sé ina fhile de chuid an Impire Ágastas. **Saothar**—Óideanna; Eapóidí; Carmen Saeculare; Eipistilí; stíl; teanga.---trácht mionsonraithe ar aon ghné amháin dá stíl. **Saol Livias---**57 R.Ch. go 17 AD; rugadh in Padua é; chaith sé an chuid ba mhó dá shaol sa Róimh; d'fhill sé ar Padua sula bhfuair sé bás; bhí beirt leanaí ar a laghad aige. **Saothar**—Ab Urbe Condita, a chuimsigh 142 leabhar; léiriú rómánsach ar an Róimh; úsáid dátaí---trácht mionsonraithe ar aon ghné amháin dá stíl.

(ii) **Dealbhóireacht Rilífe:** Cur síos mionsonraithe ar shamplaí sonracha ó stair na Róimhe agus ó shaol laethúil na Róimhe:
ara pacis; rilífí ó thuamaí; aon rilífí ó áirsí an bhua amhail áirse Thítis nó áirse Septimus Severus; aon altóir eile; colún Thráian nó aon cholún eile

(iii) (a) **Droichead Rómhánach:** an droichead a thógáil—droichid shealadacha adhmaid a úsáid, bloic chloiche a úsáid,
áirse a úsáid, réise na háirse; aon samplaí de dhroichead Rómhánach; droichid a úsáid chun gníomhaíochtaí trádála agus míleata a éascú.

(b) **Basilica Nova:** stair na baislice; struchtúr na baislice; gníomhaíochtaí sa bhaisleac; aon samplaí de bhaisleac; bhí sé ina chúirt bhreithiúnais.

(c) **An Fóram Rómhánach:** aon trí ghné ainmnithe; cur síos ar aon fheidhm amháin amhail áirse an bhua; teampall; curia (Cúirt an Phápa); comitia curiata